Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6987/22**

**POLCOM 15**
**COMER 27**
**WTO 36**
**DELACT 38**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 1111 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 25.2.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 1111 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 1111 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.2.2022
C(2022) 1111 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.2.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm don Rialachán Tarmligthe seo ón gCoimisiún coigeartú a dhéanamh ar leibhéal bliantúil an fhrithbhirt a chuirtear i bhfeidhm i ndíospóid EDT faoi Acht na bliana 2000 de chuid na Stát Aontaithe maidir le Dumpáil Leanúnach agus Fóirdheontas a Fhritháireamh [the Continued Dumping and Subsidy Offset Act] ('CDSOA' nó *Leasú Byrd*).

Le CDSOA tugtar sainordú maidir le dáileadh bliantúil na ndleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a bailíodh le linn na bliana fioscaí roimhe sin ar chuideachtaí na Stát Aontaithe. Cinneadh go raibh CDSOA ag teacht salach ar oibleagáidí EDT na Stát Aontaithe i mí Eanáir 2003.

Ós rud é nach gcomhlíonann na Stáit Aontaithe a n-oibleagáidí faoi chomhaontuithe EDT go fóill, údaraíodh an tAontas dleacht bhreise ar allmhairí a fhorchur sa bhreis ar dhleachtanna custaim ceangailte ar liosta táirgí ó na Stáit Aontaithe lena gcumhdaítear ar bhonn bliantúil luach iomlán trádála nach mó na 72 % den eisíocaíocht ó CDSOA ó dhleachtanna a bailíodh ar allmhairí ón Aontas le haghaidh na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. Ó bhí an 1 Bealtaine 2005 ann, cuireann an tAontas dleacht chustaim bhreise *ad valorem* i bhfeidhm ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe[1] ar bhonn bliantúil, agus coigeartaíonn sé leibhéal an fhrithbhirt go comhréireach leis an méid a eisíocadh as dleachtanna a bailíodh ar tháirgí de chuid an Aontais le linn an dáilte is déanaí.

I bhfianaise an lín mhóir modhnuithe a rinneadh ar an mbunús dlí tosaigh (i.e. Rialachán (CE) Uimh 673/2005 ón gComhairle) trí ghníomhartha tarmligthe, rinneadh próiseas códúcháin i mí Feabhra 2018. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leagan códaithe den bhunús dlí, is é sin Rialachán (AE) 2018/196, an 7 Feabhra 2018.

Ní bhaineann aon rogha lánroghnach leis an Rialachán Tarmligthe seo ón gCoimisiún, ach tá sé srianta go hiomlán leis na hoibleagáidí dlíthiúla arna bhforchur ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle:

1. Is é USD 3.095,94 an leibhéal nua frithbhirt a bhfuil feidhm le bheith aige amhail ón 1 Bealtaine 2022 agus leagadh an méid sin síos ar bhonn an dáilte dleachtanna frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais is déanaí ó CDSOA a bailíodh le linn na Bliana Fioscaí 2021 (an 1 Deireadh Fómhair 2020 – an 30 Meán Fómhair 2021)
2. Is méadú suntasach é an leibhéal nua frithbhirt USD 3.095,94 i gcomparáid leis an leibhéal reatha frithbhirt, is é sin USD 236.314,72, agus is é an méid sin atá i bhfeidhm ó bhí an 1 Bealtaine 2021 ann. Ós rud é nach bhféadfar leibhéal na fionraíochta a choigeartú i mbliana de réir leibhéal an neamhnithe nó an lagaithe trí tháirgí ó Iarscríbhinn I a chur léi nó a bhaint di, tá feidhm ag Airteagal 3(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/196:
   (a) Dá réir sin, níor cuireadh aon táirge le hIarscríbhinn I, ná níor baineadh aon táirge di, agus, dá bhrí sin, níl aon athrú ar an liosta táirgí a leagtar amach inti.
   (b) Ar an taobh eile, leasaíodh ráta na dleachta breise ar faoina réir atá táirgí Iarscríbhinn I, i.e. rinneadh é a mhéadú ón ráta 0,1 % a bhí ann anuraidh go ráta 0,001 % chun leibhéal an fhrithbhirt a choigeartú.

[1] Rialachán (AE) 2018/196 (*'Rialachán Byrd'*) lena mbunaítear dleachtanna custaim breise 4,3 % ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 44, 16.2.2018, lch. 1).

3. Mar iarmhairt air sin agus i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/196, leis an Rialachán Tarmligthe cuireadh arbhar milis, frámaí agus gléasadh le haghaidh spéaclaí, leoraithe craenacha agus treabhsair dheinime agus bristí deinime ban de thionscnamh na Stát Aontaithe faoi réir ráta dleachta bhreise *ad valorem* 0,001 % amhail ón 1 Bealtaine 2022.

4. Is é an éifeacht a bheadh ag dleacht bhreise *ad valorem* 0,001 % ar allmhairí na gceithre tháirge ó na Stáit Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, in imeacht aon bhliana amháin, luach trádála nach mó ná USD 3.095,94 (féach Airteagal 3(1)(a) agus (b) de Rialachán (AE) 2018/196). Níl aon athrú ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/196 ós rud é gur cuireadh na táirgí uile ar an liosta sin le hIarscríbhinn I cheana.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúchán i gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le gníomhartha tarmligthe. Ní gá aon chomhairliúchán breise le páirtithe leasmhara ná le geallsealbhóirí a dhéanamh, ná measúnú tionchar a ullmhú ach oiread.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2018/196 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá an bunús dlí atá leis an Rialachán Tarmligthe seo.

Le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/196, tugtar sainordú chun na lamháltais taraife agus na hoibleagáidí gaolmhara faoi GATT 1994 a chur ar fionraí i leith táirgí de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. In Airteagal 3(1) sainítear na critéir faoina gcoigeartóidh an Coimisiún leibhéal na fionraíochta go bliantúil de réir leibhéal an neamhnithe nó an lagaithe a imríonn Leasú Byrd ar an Aontas an tráth sin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.2.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2018 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá[2], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Toisc nár éirigh leis na Stáit Aontaithe an tAcht maidir le Dumpáil Leanúnach agus Fóirdheontas a Fhritháireamh [the Continued Dumping and Subsidy Offset Act] (‘CDSOA’) a thabhairt i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi chomhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála (‘EDT’), de bhun Rialachán (AE) 2018/196, forchuireadh dleacht chustaim bhreise *ad valorem* 4,3 % ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe. I gcomhréir leis an údarú ó EDT cur i bhfeidhm na lamháltas maidir leis na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí, tá an Coimisiún le leibhéal na fionraíochta a choigeartú go bliantúil de réir leibhéal an neamhnithe nó an lagaithe a imríonn CDSOA ar an Aontas an tráth sin. Coigeartaíodh leibhéal na fionraíochta in 2021 go dleacht chustaim bhreise *ad valorem* 0,1 % agus leasaíodh Rialachán (AE) 2018/196 dá réir[3].

(2) Baineann na heisíocaíochtaí ó CDSOA le haghaidh na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ina leith ar fáil le dáileadh na ndleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a bailíodh le linn na Bliana Fioscaí 2020 (an 1 Deireadh Fómhair 2020 – an 30 Meán Fómhair 2021). Ar bhonn na sonraí a d’fhoilsigh Roinn Cosanta Teorann agus Custaim na Stát Aontaithe, ríomhtar gurbh é USD 3.095,94 leibhéal an neamhnithe nó an lagaithe a imríodh ar an Aontas.

(3) Tá méadú tagtha ar leibhéal an neamhnithe nó an lagaithe agus, mar iarmhairt air sin, ar leibhéal na fionraíochta freisin. Ní fhéadfar leibhéal na fionraíochta a choigeartú de réir leibhéal an neamhnithe nó an lagaithe trí tháirgí a chur leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/196 nó a bhaint de, áfach. Mar iarmhairt air sin agus i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(e) den Rialachán sin, níor cheart don Choimisiún aon athrú a dhéanamh ar an liosta táirgí in Iarscríbhinn I agus ba cheart dó ráta na dleachta breise a leasú chun leibhéal na fionraíochta a choigeartú de réir leibhéal an neamhnithe nó an lagaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, na ceithre tháirge a liostaítear in Iarscríbhinn I a choinneáil ar an liosta agus an dleacht bhreise ar allmhairí a leasú agus a leagan síos ag 0,001 %.

---

[2] IO L 44, 16.2.2018, lch. 1.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/704 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 146, 29.4.2021, lch. 70).

(4) I gcás dleacht allmhairiúcháin bhreise *ad valorem* 0,001 % ar allmhairí na dtáirgí ó na Stáit Aontaithe in Iarscríbhinn I, is é an éifeacht a bheadh aici sin, in imeacht aon bhliana amháin, luach trádála nach mó ná USD 3.095,94.

(5) Chun a áirithiú nach mbeidh aon mhoill ar chur i bhfeidhm ráta leasaithe na dleachta allmhairiúcháin breise, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/196 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/196:

*'Airteagal 2*

Forchuirfear dleacht *ad valorem* 0,001 % de bhreis ar an dleacht chustaim is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* ar na táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

---

* IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.2.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*